



Ní Bhánófar Fód ár nDúchais!

SEIRBHÍS CHEART
FARANTÓIREACHTA
DO THORAIGH



MISNEACH

ár dteanga, ár dtodhchaí

- » Cás Dhiarmaid Uí Chadhla
 - » Bliain na Gaeilge 2018
 - » Filíocht réabhlóideach
- Agus go leor eile ...*

MISNEACH

eolas@misneachabu.ie

Grúpa radacach na nGael



Seacht Mór-Sprioc

1. Lánfhostaíocht, a thugann aitheantas do chearta teanga, sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne.
2. Oideachas trí Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil ag gach leibhéal dóibh siúd atá á iarraidh.
3. Cearta iomlán teanga ar fáil do na Gaeil in Éirinn.
4. Gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
5. Féinchumhachtú na nGael.
6. Saol sóisialta bríomhar ar fáil trí Ghaeilge.
7. Díchoilíniú iomlán!

**GLAC BALLRAÍOCHT
LINN INNIU!**



I measc ábhar an eagráin seo:

4 **Bliain na Gaeilge: Gimic mhargaíochta nó deis dúshlán a thabhairt?**

Kerron Ó Luain

5 **Bréaga agus Éagóir**

Máirín Mhic Lochlainn

6 **Todhchaí Thoraí idir Camánaibh**

Oisín Mac Eo

8 **Carson a tha Gàidhlig cudromach?**

Sgioba Misneachd Dhùn Èideann

9 **Cás Dhiarmaid Uí Chadhla**

Donnchadh Mac Coisdealbha

10 **Míbhuntáiste Socheacnamaíoch sa Ghaeltacht agus Bánú na Tuaithe**

Colm Ó Cinnseala

11 **Dubh 's Bán**

Ciara Ní É

12 **An t-Aos Polaitiúil agus an Leithghabháil Chultúrtha**

Seanán Mac Aoidh

14 **Éirigh as an Leaba a Chroí**

Dáire Ní Chanáin

15 **Fathach Mhionlaigh**

Padhraic Ó Fathaighfaoi agallamh ag Ben Ó Ceallaigh

Príomh-Eagarthóir: **Katie McGreal**

Coiste Eagarthóireachta:

Séamus Barra Ó Súilleabháin,

Seanán Mac Aoidh

Teagmháil: mionlach.iris@gmail.com

Suíomh idirlín: mionlach.wordpress.com

Dearadh: buíochas le Caomhán Ó Scolaí

Eagarfhocal

Seo chugaibh, a chairde, an chéad eagrán de “Bhliain na Gaeilge” 2018 ... ach fan bomaite, nach raibh “Bliain na Gaeilge” againn cheana i 2013? San eagrán seo pléann Kerron Ó Luain seasamh Misneach ar “Bhliain na Gaeilge.”

Nuair atá todhchaí pobail agus teanga dhúchais na Gaeltachta idir dhá cheann na meá de dhíobháil cuidithe tá díomá orainn nach bhfuil áit lárnach ag an Ghaeltacht ar chlár na bliana oifigiúla seo. Tá eagla orainn freisin, nach bhfuil i gceist i mBliain seo na Gaeilge ach cleas cliste ag an rialtas le haird a tharraingt ar shiúl ón neamart atá siad ag déanamh i gcúrsaí Gaeltachta ach go háirithe.

Chuir muid romhainn san eagrán seo léargas a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an Ghaeltacht. Tá tuairisc againn ar an ghéarchéim atá ag titim amach san am i láthair ar Oileán Thoraí, Tír Chonaill, áit a bhfuil an baol ann go mbánófar an t-oileán muna gcuirtear bád farrantóireachta fóirsteanach ar fáil dá phobal. Ba mhór an náire do rialtas Bhaile Átha Cliath dá ligfí do fhíor-Ghaeltacht Thoraí imeacht le sruth mar a tharla ar na Blascaodaí sa bhliain 1953 agus ar oileáin eile. Ar ndóigh, tá bánú na tuaithe agus fadhbanna dífhostaíochta agus easpa seirbhísí le fáil ar fud na Gaeltachta.

Is mór an scannall, a laghad cabhrach atá á thabhairt do Scoil Naomh Eirc i mBaile an Mhóraigh, Ciarraí, i láthair na huaire. Tuairiscíodh le déanaí ar *An Saol Ó Dheas* gurb éigean do thuismitheoirí na scoile díol as a bpóca chun múinteoir eile a earcú leis an 45 dalta a mhúineadh go héifeachtach. Is cuma leis an rialtas fén ndúshlán atá roimis an scoil cé go dtuigeann madraí an bhaile an tábhacht lena leithéid bheith ar fáil do leanaí na Gaeltachta.

Sa bhliain 1970, d'fhág aighneas an Stáit i leith na Gaeilge agus an phobail Ghaelaigh i gcoitinne go raibh Scoil Naomh Ghobnait i nDún Chaoin, Ciarraí, le dúnadh suas. B'é an buille marfach é a thug ar dhaoine labhairt amach ar a son fhéin agus misneach a thógaint in aineoinn na tubaiste. B'éachtach mar a chuaigh grúpa tuismitheoirí agus Gaeil ar fuaid na tíre ag feachtasaíocht ar son na scoile. Bheartaíodar ar shiúlóid a dhéanamh ó Dhún Chaoin go Baile Átha Cliath agus an scoil a choimeád ar oscailt ar ais nó ar éigean gan bhuíochas don nDáil. Níorbh aon fháilte a cuireadh rompu, áfach, ar shroisint na hardchathrach ach bualadh bataí agus lámh láidir an *Riot Squad*.

Faraoir, seans go mbeidh gá le geaing eile geábh a thabhairt orthu arís gan mhoill.

Is é an t-oideachas an ithir gur féidir linn síolta na saoirse agus na dínite mar phobal a chur. Tá sé ar na spriocanna is mó ag Misneach mar ghluaiseacht an ceart so chun oideachais a chosaint do chosmhuintir na tíre, sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne, agus impímid ortsa cabhrú linn, an fhírce seo a mhúineadh don Rialtas i mBliain seo Éirí Amach na nGael, 2018!

Beirimis Bua,

Katie, Seanán agus Séamus

Bliain na Gaeilge 2018:

Gimic mhargaíochta nó deis dúshlán a thabhairt?

• Kerron Ó Luain

Tá neart cainte déanta le roinnt míonna anuas ó rinneadh lainséil ar Bhliain na Gaeilge 2018 ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne go deireanach. Is Conradh na Gaeilge, i bpáirtnéireacht leis an rialtas (i. Roinn na Gaeltachta), atá taobh thiar den choincheap seo. Tá sé i gceist ag an lucht eagraithe ardú meanman is múscailt feasachta a chur faoi lán seoil i rith na bliana agus daoine a spreagadh i dtreo na teanga. Déanfar seo, táthar siúil, trí chlár 'ildánach' d'imeachtaí a chur ar bun agus tá béim faoi leith ar Dubhglas de hÍde, bunú an tSaorstát agus Athbheochan na Gaeilge.

Cibé tuairim atá ag duine ar an gCogadh Cathartha agus bunú agus buanú an stáit, má bhreathnaíonn muid thart orainn sa lá atá inniu ann tá sé deacair ceiliúradh a dhéanamh ar stát ina bhfuil géarchéim tithíochta, córais sláinte agus sochtheangeolaíochta gan do chloigeann a shá go domhain isteach sa ghaineamh.

Más cuimhin le duine ar bith, bhí Bliain na Gaeilge ann cheana sa bhliain 2013, uair a rinneadh comóradh ar 120 bliain ó thosaigh an Athbheochan go hoifigiúil le bunú Chonradh na Gaeilge in 1893. Ní bheadh duine ag súil go bhféadfaí toradh deimhin nó tomhaiste ar bith a bhaint as ceiliúradh den saghas sin a tharla i 2013 i dtéarmaí an mhéid báigh nó dea-thola a chruthaíodh i leith na teanga. Tá sé dodhéanta dea-thoil a thomhais go cruinn, in aon chor.

Mar sin féin, tá rudaí áirithe gur féidir a thomhais, agus a thomhais go cruinn. S'iad sin: figiúirí na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais, a thit arís sa Ghaeltacht idir 2011-16; figiúirí na gcainteoirí Gaeilge i gcoitinne sa stát Sé Chontae Fíchead, a thit don chéad uair le beagnach daichead bliain anuas; figiúirí don mhíbhuntáiste a eisíodh i dtuarascáil *Pobal* le deireanas, áit a n-airítear ceantair Ghaeltachta i gConamara agus Tír Chonaill i measc na gceantar is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa stát, agus, ar deireadh, na figiúirí suaracha maoinithe atá á sholáthar don Ghaeltacht ó

ghearradh buiséid an Údaráis suas le 80% ó 2008.

Tá gaol díreach, dosheachanta idir na ciorruithe sin agus an tubaiste shochtheangeolaíoch atá ag titim amach sa Ghaeltacht. Is cinnte nach raibh tionchar *ar bith* ag Bliain na Gaeilge i 2013 ar chruth na bhfigiúirí sin, agus, mar a sheasann rudaí ó thaobh clár na n-imeachtaí le linn 2018, is léir nach mbeidh éifeacht *ar bith* ag an rud atá beartaithe os ár gcomhair amach ar an gcúlú atá ag tarlú sa Ghaeltacht faoi láthair.

Tá go leor cloiste ag Gaeil radacacha na tíre faoin ngá go mbeadh na Gaeil i gcoitinne ag comhoibriú le chéile; 'ní neart go cur le chéile' agus a leithéid. D'aontóinn le sin go hiomlán, ach chuirfinn seanfhocal eile faoi bhráid na ndaoine céanna. Bhuel, leagan de sheanfocal: 'ní bhíonn an rath, ach mar a mbíonn an *straitéis*'. Is léir, faraor, nach bhfuil straitéis chruinn taobh thiar de Bhliain na Gaeilge 2018. Deirtear sa phoiblíocht atá déanta ar BnaG go:

'[n]-jaithneofar luach ár nGaeltachtaí i saol na tíre, spreagfar próifíl agus mórtas a bpobail, agus tabharfar faoi

na dúshlán atá rompu sa lá atá inniu ann, le hiad a chosaint agus a neartú.'

Ar an gcéad léamh de sin, tá go maith agus níl go holc. Ach, nuair a smaoinítear céard iad na dúshlán sin nach luaitear go sonrach; easpa maoinithe, eisimirce agus dífhostaíocht sna ceantair chéanna, níl ach rud amháin gur féidir seo a leigheas. 'Sé sin gluaiseacht láidir, straitéiseach ón mbun aníos le cinnirí Gael agus Gaeltachta na tíre ina gcroilár a n-éilíonn agus a n-éiríonn leis gníomh sciobthaí, radacach ón stát a chur i bhfeidhm. Nó, níos fearr ná sin fiú, a chuireann plean le chéile chun na gníomhartha atá de dhíth a fhorbairt agus a chur i gcríoch ar a gconlán féin. Ní fheicim plean ar bith i gclár Bhliain na Gaeilge chun sin a thógáil.

Má leantar le Bliain na Gaeilge, mar atá leagtha amach ag searbhóntaí an stáit, tiocfaidh an bhliain agus imeoidh sí, agus nuair a eisítear daonáireamh 2021 beidh daoine áirithe ann agus bainfear geit astu arís nuair a thiocfas titim eile ar figiúirí na gcainteoirí laethúla. Is féidir linn an chinniúint sin a sheachaint ach muid a bheith eagraithe agus sásta troid. Mar sin tá Misneach ag moladh go láidir *Bliain ar son Todhchaí na Gaeltachta* a dhéanamh den bhliain 2018.

Is gníomhaí teanga agus sóisialach as Bleá Chliath é Kerron Ó Luain. Is staraí é agus tá dochtúireacht aige ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste.



Bréaga agus Éagóir

• Máirín Mhic Lochlainn

Ní haon mhaith fál tar éis na foghla
Is ní aon mhaith aiféala tar éis na héagóra
Scriostar tíortha le linn cogadh
A fhágann olc i gcroíthe go Lá Philipe an chleite.
Cur-i-gcéill ar fad atá sa saol anois
Sé'n t-airgead an máistir atá orainn uileag
Is níl meas á laghad a'inn ar thréithe ár sinsir
Ach ag leanacht Mheiriceá lá 's oíche.
Tá friotal na fírinne imithe leis an sruth le fada
Is báird bhochta chríche fodhla gan suimneas a thuille'
Mar gur le h-easonóir agus feall a mhaireann a sliochta
Gan grá, gan cionsias, gan meas ná uaisleacht.
Ní chloítear le fírinne ná le firicí anois
Ach insítear bréaga sna cúirteanna is airde
Ní bhíonn cás ná náire ar locht briste na ndlíthe
Má bhíonn airgead ina bpóca is dóibh is furasta.
Ní mhuirnítear an focal cothrom faraor
Ná ní shantaítear an naithe caoin nach oiread
Is ní thugtar dúthshlán bodach na mbréag
In Achadh Airt nó sna críocha imigéin.
Go cinnte tagann tormáin bhréana chugainn aniar
Is ag Aerphort na Sionna a scaoileann siad broim
Is líonann a chuid eitleáin suas go béal
Is scaoileann a gcuid buamaí i dtíortha i gcéin.



Tugaimse fianaise inniu ar na níthe seo ar fad
Mar go seasaim le fírinne is le firicí ceart'
I gcúirt seo na bárd is éasca labhairt amach
Ach taobh amuigh de na ballaí seo — is beag é mo sheans.

Is scéalaí agus seanchaí í Máirín Mhic Lochlainn, agus scríobhann sí Drámaí, Gearrscéalta agus Filíocht, agus tá roinnt duaiseanna Oireachtais buaite aici san Scéalaíocht agus i scríobh drámaí.



Tuistí agus leanaí ag tacú leis an Dream Dearg ag an gCultúrlann i nDoire.

Todhchaí Thoraí

le Oisín Mac Eo

Gan aon rian d'ioróin ina ghlór, sheol an Taoiseach an feachtas Twitter #TrasnanadTonnta mar chuid de Bhliain na Gaeilge i mí Eanáir agus an rialtas is muintir Oileán Thoraí in adharca a chéile maidir le bád farantóireachta nua a roghnaíodh ag an Stát don oileán. Níl muinín ag na hoileánaigh as an bhád atá molta agus tá caint ar bhac a chur air ag teacht isteach ag an ché nuair a thosóidh an Conradh úr i mí Aibreáin agus tá fiú caint ar agóid a thabhairt fhad le sráideanna Bhaile Átha Cliath muna n-athraítear port an rialtais ar an ábhar.

Is beag duine a thug cuairt riamh ar oileán Thoraí, ar a dtugtar an tseoid ghlas ar an fharraige mhór ag bun na spéire, nach mbeidh cuimhne aige nó aici go deo ar an turas báid farantóir-eachta isteach go Toraigh na dTonn. Éiríonn na tonnaí mar a bheadh gleannta móra thart timpell ort agus an bád dílis ag déanamh a chúrsa naoi míle ar an Atlantach Fiáin. Tá an bád reatha i ndiaidh seirbhís mhaith a thabhairt ar an oileán ach tá sé sean, callánach agus é ag teacht anois chuig deireadh a ré. Fógraíodh go mbeadh Conradh úr á éisiú ag an rialtas anuraidh ach baineadh geit as bunadh Thoraí nuair a fuarathas amach cén sórt báid a bheadh ann.

Ag cruinniú pobail ar an oileán mhínigh muintir na háite a bhfuil taithí na nglúnta acu ar an fharraige mhór thart ar an oileán a n-imní maidir le sábháilteacht an bháid úir atá molta. Ní hamháin go bhfuil an bád nua, *Queen of Aran*, níos sine ná a mbád féin ach creidtear nach bhfuil bád dá chineál fóirsteanach do “Thonnaí Thoraí” ar dhóigh ar bith.

Tá obair mhór déanta ag pobal an oileáin le teaghlaigh óga nua a mhealladh isteach le blianta beaga anuas agus tá an daonáireamh ag dul i líon, rud nach raibh fíor le fada an lá. Agus teaghlaigh ag bagairt an t-oileán a fhágáil ar mhaithe le sábháilteacht a gclann, eagraíodh cruinniú leis an Aire Joe McHugh. Caithfidh gur thuig sé chomh dáiríre is a bhí an scéal nó



fógraíodh sna meáin go raibh bád eile, bád úr ar chostas ceithre mhilliún euro geallta aige. Chuir Misneach fáilte roimh an dea-scéal ag an am mar eiseamlar

Agallamh le Patsaí Dan Mac Ruairí, Rí Thoraí

le Oisín Mac Eo

Cad chuige nach bhfuil sibh sásta le tairiscint an rialtais?

“Tháinig sé aniar aduaidh ar an Chomharchumann agus ar phobal Thoraí go raibh cinneadh déanta ag an Aire Joe McHugh gur an *Queen of Aran* a gheobhadh an Conradh mar bhád farantóireachta ar an oileán. Bád atá 42 nó 43 bliana d’aois. Caithfidh dul chun cinn mar ‘oileán nua’, mar áit atá fóirsteanach do theaghlaigh, do pháistí agus do chuairoteoirí. Níl an seanbhád fóirsteanach mar sin.”

An bhfuil baol ann go mbánófar an t-oileán?

“Tá teaghlaigh réidh le an oileán a thréigeadh. Seo an dara uair le mo linn go raibh contúirt ann go mbánófaí an t-oileán. Níl muid ag iarraidh dul ar ais ar na droch-laethanta a bhí. Mar sin, táimid ag impó ar na húdaráis an cinneadh ceart a dhéanamh. Má tharlaíonn sé go bhfuil ar dhaoine Toraigh a fhágáil, ní dhéanfaidh muintir na hÉireann dear-mad choíche ar Joe McHugh.”



idir Camánaibh



den mhéid is féidir pobal eagraithe a sheasann an fód a bhaint amach.

Faraor is léir ó shin go raibh dallamhullóg á cur ar an phobal ar fad mar

is nós don rialtas agus 'sé an scéal oifigiúil anois ná go bhfuil conradh sínithe le húinéirí an bháid Queen of Aran agus nach bhfuil aon éirí as. Ach

arís eile, níl bunadh Thoraí ag glacadh leis an mhéid sin, rud a rinneadh soiléir ag cruinniú poiblí os comhair an Aire i mí Eanáir agus sna meáin ó shin.

Tá an Ghaeltacht á bánú go leanúnach de dheiseanna, de sheirbhísí, den fhostaíocht agus dá hóige. Ní bheidh Gaeilge bhinn na Gaeltachta le cluinsteann muna bhfuil aon phobal fágtha ann. Le go mbeidh Gaeltacht bheo ann caithfidh na daoine a bheith ábalta beatha nua-aimseartha a bhaint amach ann go sábháilte. Tá an Ghaeltacht ar a glúine ach léiríonn misneach agus spiorad mhuintir Thoraí nach bhfuil sí buailte fós. Tá na mílte Gael ar fud na tíre a bhfuil dáimh ar leith acu leis an chuid sin den tír, gan trácht ar na mílte daoine eile nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Thig le muintir Thoraí a bheith cinnte go mbeadh lán-tacaíocht acu, cibé gníomh ar a shocraíonn siad féin lena gcás a chur chun cinn. TORAIGH GO BRÁCH!

Is cúramóir leanaí é Oisín Mac Eó in Oirthear Dhún nan Gall atá ag tógáil a chlainne le Gaeilge. Chuir sé gaelscoil, clár spéisialta do pháistí dhá bhliain d'aois trí Ghaeilge agus Grúpa Tuistí is Tachrán do theaghlaigh Ghaeilge ar bun ina bhaile dúchais, Doire.

Cén seasamh atá sibh ag glacadh agus cá fhad a rachas sibh leis seo?

"Beidh an Comharchumann ag bualadh leis na húdaráis ach muna mbeidh an cinn-eadh dearfach agus muna mbeidh an Comharchumann sásta, beidh orainn ár gcás a thabhairt ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Tá súil againn nach mbeidh orainn sin a dhéanamh ach má chaithfimid, déanfaimid é. Tá neart glaonna gutháin ag teacht isteach ó dhaoine a bhfuil grá acu don oileán. Tá na mílte daoine ag teacht isteach go Toraigh le traidhfil bliana anuas le hamharc ar

an tírdhreach álainn nó le héisteach lenár mbanna ceoil nó mar gheall ar an Ghaeilge is tá na huimhreacha sin ag dul i méid ó bhliain go bliain. Má thig sé go gcaithfimid dul go Baile Átha Cliath tá na daoine a rá linn go leanfaidh siad muid ann."

Táthar ag súil go mbeidh réiteach éigin ann agus go mbeidh seirbhís cheart nua-aimseartha agaibh roimh i bhfad. Cad iad na dúshláin eile romhaibh mar cheantar beag Gaeltachta?

"Táimid cosúil le cuid mhaith de na hoileáin eile. Tá athruithe ag teacht

isteach anseo mar atá in áiteacha eile agus mothaítear an brú ón Bhéarla. Ach táimid ag coinneáil an Ghaeilge beo beathach, tá comharthaí nua Gaeilge á gcur suas againn agus táimid á labhairt le cuairteoirí ar an oileán."

Bhí Patsaí den bharúil go dtiocfadh teacht ar réiteach idirthréimhseach maidir leis an tseirbhís farantóireachta go dtí go dtógfar bád buan nua a bheadh fóirsteanach don turas isteach trasna an

Atlantaigh fhiáin. Ach muna bhfuil muinín ag muintir na háite as an bhád roghnaithe bíodh sé sealadach nó buan ní ghlacfar leis agus ní bheidh an darna suí sa bhuaile ag muintir Thoraí ach agóid a thabhairt go Baile Átha Cliath. Táthar ag súil go mbeidh an lá ag bunadh Thoraí ach muna mbeidh beidh sé rithábhachtach go mbeidh na mílte gael fud fad na na tíre a bhfuil dáimh acu leis an oileán réidh chun seasamh le muintir Thoraí.

● Sgioba Misneachd Dhùn Èideann

Tha gach neach-iomairt Gàidhlig, agus fiù 's gach neach-labhairt Gàidhlig, a' cluinntinn na ceiste seo cha mhòr a h-uile latha: Carson a tha Gàidhlig cudromach? A thaobh maoineachadh, a thaobh uairean sgoile, a thaobh, fiù 's, rùm air soidhneachan-rathaid, tha sinn an còmhnaidh a' cluinntinn an aon ceist a-rithist agus a-rithist: carson a tha Gàidhlig cudromach?

Agus tha sinn a' toirt seachd mòran fhreagairtean air a bheil sinn uile eòlach gu leòr. Eachdraidh. Dualchas. Ceartas. Beagan mun eaconamaidh, an dràsta agus a-rithist. Agus mar sin air adhart.

Ach tha sinn air aon fhreagairt eile a chluinntinn gu math tric cuideachd, puig a' dìon na Gàidhlig bho shealladh eile, agus 's e sin gu bheil Gàidhlig cudromach, no fiù 's deatamach do dh'fhèin-aithne na h-Alba. Tha an argmaid seo ri lorg ann an iomadh àite — mar eisimpleir thuirt Ailig Salmond anns an Òraid SMO aige ann 2007 (anns a' Bheurla): "Gaelic remains central, fundamental to Scotland's identity, geography, history and cultural life."

Agus chan e òran ùr a bha Salmond a' seinn. Seall na thuirt Seumas Mac a' Ghobhainn ann 1977 (anns a' Bheurla, a-rithist): A' Ghàidhlig — the Scottish language — is the very essence of Scottish nationality and the living symbol of its unity". No, mura h-eil sin romansach gu leòr dhut, seo Kevin McKenna (anns a' Bheurla a-rithist) a' sgrìobhadh anns an Observer ann an 2011: "The songs and poems sung in this tongue expressed an entire people's determination to remain Scottish and free when others would possess us."

Agus tha luchd-iomairt na Gàidhlig ann a tha a' dèanamh an aon argmaid nàiseantach, a' cur cuideam làidir air "Albannachas" na Gàidhlig, agus air cho



Carson a tha Gàidhlig cudromach?

deatamach 's a tha i do dh'fhèin-aithne na dùthcha. Tir gun chànan, tir gun anam...

Ach a bheil sin math gu leòr? A bheil e glic a bhith a' togail còir na Gàidhlig air a' bhunachas seo?

Ann an da-rìreadh, 's e reatorais cha mhòr gun chiall a th' ann. 'S urrainn dhuinn a bhith ag èigheachd gu h-àrd mu fhèin-aithne na h-Alba, agus bidh an riaghaltas agus feadhann eile ag aontachadh gu snog, ach

chan eil sin a' ciallachadh dad.

Thuirt Nicola Sturgeon, san Òraid SMO aice ('s a' Bheurla a-rithist): "[Tha againn] vision for Scotland — as a nation which is proud of its past,

confident in its future, and a nation whose natural resources bring prosperity to every corner of the country. Our support for Gaelic is another integral part of that wider vision." 'S dòcha gu bheil, ach tha e soilleir a thaobh poileasaidh nach eil a' Ghàidhlig idir cudromach dhan phàrtaidh aice. Ma leughas tu làrach-lìn am PNA, 's beag am fios a bhios agad fiù 's gu bheil a' Ghàidhlig ann.

Tha seo fìor am measg nàiseantaich ann am beatha phoblach, agus tha e fìor am measg nan daoine cuideachd: ann an 2013, lorg luchd-rannsachaidh Shoille, ag obair le dàta an Scottish Social Attitudes Survey, gu bheil 76% ag aontachadh gu bheil Gàidhlig cudromach do dhualchas na h-Alba, ach ma tha sinn onarach mun chùis chan eil Alba a' coimhead mar dhùthaich

a chuireas luach àrd air a cànanan. Tha e caran mar am beachd coitcheann gur e dùthaich shòisea-deamocratach agus adhartach a th'ann an Alba, ged a tha e cho soilleir ri latha gu bheil mòran ann a tha coma co-dhiu mu bhochdainn, taighean dona agus neo-ionannachd slàinte. A' coimhead air mar a tha Alba a' dèiligeadh leis a' Ghàidhlig, nach e bromide lag a th'anns an reatorais seo? Air an toradh aithnichidh sibh iad!

Agus 's seann reatorais a th'ann, reatorais nàiseantachas na 19mh linne. Tha am modal seo: cànan = nàisean = fèin-aithne a' tighinn bho nàiseantachas romansach: an e bunait fhreagarrach a th' ann an sin airson poileataigs adhartach, clìtheach an latha an-diugh? Ma tha sinn ag iarraidh Alba ùr, Alba nas fheàrr a thogail, a bheil e iomchaidh a bhith a' tòiseachadh le sin?

Oir 's e seo cnag na cùise: Chan eil a' Ghàidhlig cudromach air sgàth 's gur e rud Albannach a th' innte, ach air sgàth 's gur e cànan a th' innte. Cànan beò, le daoine agus coimhearsnachdan ga bhruidhinn. 'S e sin an rud anns a bheil luach, agus chan e a nàiseantachd.

Chan eil sin ri ràdh nach eil àite airson Gàidhlig ann an nàiseantachas, no ann an iomairt na neo-eisimeileachd ann an Alba, ach gum bu chòir dhuinn a bhith a' seasamh airson Alba ùr, le poileataigs ùr, far am bidh sinn a' cur luach air coimhearsnachdan, dualchas agus cleachdadh, agus chan ann air samhlaidhean agus fhèin-aithne air an sgàth fhèin.

FOCLÓIR:

adhartach: *forasach*

cànan: *teanga*

coimhearsnachd: *pobal*

cudromach: *tàbhachtach*

cuideam: *béim*

cnag na cùise: *bun agus barr an scéil*

eachdraidh: *stair*

fèin-aithne: *féiniúlacht*

làrach-lìn: *suìomh gréasáin*

lìn: *céad (bliain)*

neach-iomairt: *gníomhaí*

neach-labhairt Gàidhlig: *cainteoir*

Gaeilge

rannsachadh: *taighde*

Foclóir Gàidhlig - Gaeilge ar líne:

<http://borel.slu.edu/pub/gd2ga.pdf>



Cás Dhiarmaid Uí Chadhla agus na himpleachtaí dúinn uilig

• Donnchadh Mac Coisdealbha

Tá sé curtha ina leith ar an dara lá d'Fheabhra, 2017 go ndearna Diarmuid Ó Cadhla le beirt eile damáiste ar chomharthaí bóithre ar Bhóthar Victoria, Cros Victoria agus Sráid Victoria. Dar ndóigh is é seasamh Misneach díchoilíniú a dhéanamh sa tír agus tá géarghá na hainmneacha Gallda a bhaint ó na háiteacha agus sráideanna in Éirinn, go háirithe agus iad ainmnithe i ndiaidh daoine a bhí i bhfeighil ar chine dhíothú na nGael.

Cuireadh an líomhaint faoi bhráid na Cúirte Dúiche ar an 20 Samhain, 2017. D'iarr an tUasal Uí Chadhla go n-éistofar a chás trí Ghaeilge. Dúirt an breitheamh Kelleher leis go bhfuil cead aige ateangaire a bheith aige chun a fhianaise a thabhairt i nGaeilge, ach nach raibh sé de rogha aige a chás a éisteacht trí Ghaeilge. Cuireadh an chás siar chun seans a thabhairt do Ó Cadhla dlíodóir a bheith aige. Ar an dara héisteacht d'iarr Ó Cadhla go mbeadh an chás trí Ghaeilge aige arís. Dhiúltaigh an breitheamh dó arís agus dúirt nach bhfuil gá aige leis de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus dul i gcomhairle dlíodóra faoi. Ar an tríú héisteacht is ea bhí dlíodóir aige. Bhí poiblíocht ann faoin gcás de bharr gur diúltaíodh don gcás a dhéanamh trí Ghaeilge. Dá bharr sin, bhí breathnadóirí ann ó Misneach agus ón gConradh Ceilteach. Ag an éisteacht sin, bhí abhcóide ag Ó Cadhla agus arís iarradh ar an mbreitheamh an chás a éisteacht trí Ghaeilge. Dhiúltaigh an breitheamh don tríú huair an chás a bheith ar fáil trí Ghaeilge. Dúirt an t-abhcóide go raibh sé ag iarraidh dul chun na hArd-Chúirte chun cinntiú go mbeidh a chás trí Ghaeilge. D'fhreagair an breitheamh 'má tá tú ag iarraidh mé a stopadh, déan é'.

Chuaigh an chás chun na hArd-Chúirte ar an mbonn go bhfuil cead ag Ó Cadhla a chás a fháil trí Ghaeilge. Is í an breitheamh Ní Raifeartaigh atá san Ard Chúirt. Tá sean bhall Misneach ó na 1960aidí Seamus Ó Tuathail ag déanamh abhcóideachta thar ceann an Chadhlaigh.

Sa chéad éisteacht ní raibh ach cur i láthair déanta ar an gcás agus luaigh Ó Tuathail na fasaigh a bhí ann roimhe seo i dtaobh an Ghaeilge a úsáid sna cúirteanna. Chuir an Breitheamh ceist ar an abhcóide nach raibh cearta bunreachtúil an chúisí sásaithe nuair a cuireadh ateangaire ar fáil dó. Bhí ar an Abhcóide a chur in iúl don mbreitheamh go bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga oifigiúil an Stáit agus ceart bunreachtúil ag an saoránach seirbhísí a fháil ón Stát trí Ghaeilge dá dheasca. Ina theannta sin, chuir sé in iúl trí mheán na hateangaireachta



go bhfuil míbhuntáiste ag an gcúisí de bharr go bhféadfai drochaistriúcháin a bheith déanta, fiú i gcás go bhfuil a dhícheall a dhéanamh ag ateangaire aistriúchán cruinn a thabhairt. Léirigh an breitheamh go raibh laigeacht ann i gcinneadh na Cúirte Uachtaraí i dtaobh Cás Uí Mhaicín in aghaidh an Stáit. Ba é an cinneadh a rinneadh sa chás sin ná gur gá Gaeilgeoirí bheith ar an ngiúiré mar go gcaitheann an giúiré a bheith ionadaíoch den tsochaí. Ach chuir an breitheamh ceist conas go bhféadfadh giúiré feidhmiú i gceart dá mbeadh an chás á chloisteáil trí Ghaeilge agus gan tuiscint acu ar an teanga.

Is spéisiúil an chás seo mar léiríonn sé laigeacht in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá an ceart ag an saoránach i gcásanna cúirte sibhialta a rogha teanga oifigiúil a roghnú, ach níl i dtaobh cás coiriúil de. Ach tá ceart bunreachtúil ann seirbhísí Gaeilge a fháil ón Stát. Mar sin, níl an reachtaíocht ag teacht leis an mbunreacht. Chomh maith leis sin, feictear go bhfuil an ceart bunreachtúil sásaithe nuair atá ateangaire ar fáil. Ach mar atá luaite, tá míbhuntáiste ag baint le hateangaireacht. Dar ndóigh is mór an difear idir theanga oifigiúil agus teanga eachtrannach sa chás seo. Beidh impleachtaí níos leithne ag cinneadh an cháis seo toisc go bhfuil an córas ateangaireachta fhéin á iniúchadh ann.

An chéad cheist a ba chóir a bheith curtha ós comhair aon chúisí ag chás cúirte ar bith ná cén teanga oifigiúil ar mhaith leis an chás a bheith ar siúl inti. Ní cóir go gcoiscfí air seirbhís Ghaeilge a iarraidh ó na cúirteanna. Fiú amháin má bheartaítear nach gá don mbreitheamh an chás a éisteacht trí Ghaeilge, tá an rogha fós ag an mbreitheamh an chás a éisteacht trí Ghaeilge, níl sé sin mídhleathach. Má dhiúltaítear an chás a dhéanamh trí Ghaeilge is mór an éagóir ar an gcúisí é agus déanann a leithéid ceap magaidh de chásanna cúirte atá ag iarraidh réiteach a fháil ar éagóracha sa tsochaí.

Faoin scríbhneoir: Is sochtheangeolaí agus ball de Mhisneach é Dhonncha Mac Coisdealbha.

Míbhuntáiste Socheacnamaíoch sa Gaeltacht agus Bánú na Tuaithe

• Colm Ó Cinnseala

Le linn na bliana 2017 d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuairiscí bunaithe ar fhigiúirí dhaonáireamh 2016. Léirigh na figiúirí seo géarchéim maidir le leibhéil ard difhostaíochta agus míbhuntáisteachta sna croícheantair Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall agus na Gaillimhe.

I mí Iúil foilsíodh tuarascáil faoi na toghranna le na leibhéil is airde difhostaíochta sa stáit. Is éard a bhí i gceist ná na 70 toghranna (as 3,440 toghranna sa stáit) ar bhain ráta ard difhostaíochta leo. Bhí an chuid is mó acu seo i gCathair Luimnigh ach san 13ú áit bhí Mí a' Chladaigh i nGaeltacht Dhún na nGall le leibhéal difhostaíochta de 35.3%. san 15ú áit bhí 'Scainimh' (Roisín na Mainiach go Cill Chiaráin) in Iorras Aithneach i nGaeltacht na Gaillimhe le leibhéal difhostaíochta de 34.3%.

Níos deireanaí i 2016 foilsíodh tuarascáil faoi leibhéal 'míbhuntáisteacht' sna 'ceantair bheaga'. Is iad iad seo na ceantair is lú ach a choinníonn le heiteas na neamhainmíochta. Arís anseo feictear dúinn go bhfuil cuid de na ceantair is láidre ó thaobh labhairt na Gaeilge de le fáil ina measc. I measc na gceantar le leibhéil arda míbhuntáisteachta tá cuid de Mhín a' Chladaigh (arís) i gCo Dhún na nGall agus cuid de Ros Muc agus Leitir Mealláin i gCo na Gaillimhe. Tríd 's tríd tá Gaeltachtaí Chúige Chonnacht agus Uladh faoi, nó go mór faoi, an meán náisiúnta míbhuntáisteachta. Tá na ceantair Ghaeltachta eile cothrom go maith leis an meán náisiúnta agus cuid acu fiú os a chionn.

Sa bpróiseas pleanála teanga (2016 agus 2017) i gConamara tháinig sé chun solais go bhfuil éagothromaíocht idir leibhéal na bpostanna i gcliaintchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta sna ceantair is gaire de na bailte móra agus na

	Cois Fharraige	Conamara Láir
Daonra	6259	2935
Postanna Lánaimseartha	1621	256
% postanna/daonra	26%	8.7%

ceantair atá i gceantair níos iargúlta Léirítear é seo sa tábla ina ndéantar comparáid idir an fhostaíocht a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta i Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Chonamara Láir i gcomparáid leis an bhfostaíocht a chuirtear ar fáil i LPT Chois Fharraige.

Mar sin, tá ag éirí le Údarás na Gaeltachta a thrí oiread postanna a chruthú, *per capita*, in LPT Chois Fharraige ná mar atá in LPT Chonamara Láir. Is dócha go bhfuil sé níos éasca postanna a chruthú i gceantar atá taobh istigh de chríos coimiteireachta (*commuter belt*) Chathair na Gaillimhe ach caithfear aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus breis iarrachta a dhéan-amh ar fhostaíocht a chruthú sa gceantar láidir Gaeltachta seo – Conamara Láir.

In agallamh le hógbhean as Carna, a craoladh ar Raidió na Gaeltachta le déanaí, dúirt sí nach raibh fiú is comhaoiseach amháin aici ar an mbaile i rith na seachtaine. Léirigh sé seo go lom cé chomh mór agus atá an feiniméan 'bánú na tuaithe', feiniméan náisiúnta dár ndóigh, ag bagairt ar inmharthanacht chuid de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír.

Tá dóthain fianaise anois againn go bhfuil teipthe ar Údarás na Gaeltachta fostaíocht a chruthú i gcuid de na ceantair is láidre Gaeltachta. Tá fianaise againn chomh maith go bhfuil an eagraíocht ag déanamh dochair don Ghaeilge mar theanga phobail i gcás Ghaeltacht na Gaillimhe trí líon mór oibrithe a thabhairt isteach ó thaobh amuigh den

Ghaeltacht. Is cosúil go mbreathnaíonn an tÚdarás orthu féin mar cineál 'mion-IDA' agus dá bharr sin déanfar faillí ar an nGaeilge i réimse na fostaíochta. Is léir go bhfuil dlúthcheangal idir an fhostaíocht, leibhéal buntáiste/míbhuntáiste, inbhuanaitheacht na bpobal tuaithe agus inbhuanaitheacht na bpobal Gaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge go láidir mar theanga an teaghligh agus an phobail.

Is é an polasaí reatha atá ag an tÚdarás ná fostaíocht a chruthú sa Ghaeltacht. Tá sé thar am an polasaí seo a athrú go 'cruthú fostaíochta do lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht'.

Is pleanálaí teanga é Colm Ó Cinnseala leis an gcomhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga atá lonnaithe sna Forbacha i nGaeltacht Chonamara



"Tá dóthain fianaise anois againn go bhfuil teipthe ar Údarás na Gaeltachta fostaíocht a chruthú i gcuid de na ceantair is láidre Gaeltachta. Tá fianaise againn chomh maith go bhfuil an eagraíocht ag déanamh dochair don Ghaeilge mar theanga phobail i gcás Ghaeltacht na Gaillimhe trí líon mór oibrithe a thabhairt isteach ó thaobh amuigh den Ghaeltacht."

Díreach 's Bán

Ciara Ní É

Ag breathnú uaim ar an mbosca
Ní fheicim mórán éagsúlachta:
bán 's díreach, díreach 's bán,
cheapfá nach raibh aon saghas eile ann!

Ach dar fia is cinnte nach mise amháin
a fheiceann áilleacht sa mhiongháire cam!?

*Roghaíodh Ciara Ní É don scéim Introductions le Poetry Ireland anuraidh.
Is scoláire Fulbright í agus faoi láthair tá sí ina cónaí in Philadelphia*

A black and white photograph of an older man with glasses, wearing a dark jacket over a light-colored shirt. He is shown from the chest up, in profile, facing right. His mouth is open as if he is speaking, and his right hand is raised with a clenched fist, gesturing emphatically.

**'SÉ DUALGAS
LUCHT NA
GAEILGE
A BHEITH INA
SÓISIALAIGH**
—MÁIRTÍN Ó CADHAIN

MISNEACH
ár dteanga, ár dtodhchaí

An t-Aos Polaitiúil agus an Leithghabháil Chultúrtha

• Seanán Mac Aoidh

Baineann conspóid i gcónaí leis an téarma “leithghabháil chultúrtha” [*“cultural appropriation”*]. I dtaca leis an Ghaeilge de, baineann castachtaí ar leith le húsáid an téarma seo de thairbhe gurb í an teanga dhúchais a bhí ag sinsear mhórchuid mhuintir na hÉireann agus ar bonn prionsabail glactar leis go bhfuil de cheart ag gach uile dhuine an teanga a fhoghlaim agus a úsáid. Ceart é sin nár chóir a shéanadh ar dhuine ar bith. Mar sin féin, thiocfadh dó gur téarma sásta a bheadh i “leithghabháil chultúrtha” mar chur síos ar chuid den úsáid mhí-ionraice dhochrach a bhaineann daoine áiride as an Ghaeilge agus cultúr na nGael i gcoitinne.

Baineann conspóid i gcónaí leis an téarma “leithghabháil chultúrtha” [*“cultural appropriation”*]. I dtaca leis an Ghaeilge de, baineann castachtaí ar leith le húsáid an téarma seo de thairbhe gurb í an teanga dhúchais a bhí ag sinsear mhórchuid mhuintir na hÉireann agus ar bonn prionsabail glactar leis go bhfuil de cheart ag gach uile dhuine an teanga a fhoghlaim agus a úsáid. Ceart é sin nár chóir a shéanadh ar dhuine ar bith. Mar sin féin, thiocfadh dó gur téarma sásta a bheadh i “leithghabháil chultúrtha” mar chur síos ar chuid den úsáid mhí-ionraice dhochrach a bhaineann daoine áiride as an Ghaeilge agus cultúr na nGael i gcoitinne.

Ag scríobh dó ar Nós (19/12/2017) fán téarma “leithghabháil chultúrtha,” mhínigh Seaghan Mac an tSionnaigh go beacht brí na bhfocal céanna. De réir an

tsainmhíniú s’aigesean baineann tréithe ar leith leis an leithghabháil chultúrtha, (i) “daoine a bhaineann leas féinchúiseach easurram-ach as gnéithe de chultúir eile seachas an mórchultúr ceannasach” agus (ii) “go mórmhór nuair is cultúir a shamhlaítear a bheith fé chois a bhíonn i gceist.” Tchítear domh go bhfuil tréithe áiride a bhaineann leis an leithghabháil chultúrtha le tabhairt fá dear sa dóigh a gaitheann go leor polaiteoirí sa tír seo leis an Ghaeilge.

Feiniméan idirnáisiúnta ar ndóighe atá sa leithghabháil chultúrtha, rud a dhéantar go minic ar chultúr agus teangacha daoine dúchasacha i dtíortha éagsúla ar fud na cruinne ar bunaíodh ar an choilíneachas iad. Tá a leithéid curtha i leith Príomh-Aire Ceanada, Justin Trudeau, a bhfuil tréan deachainte aige fá athmhuintearas leis an mhuintir

dhúchasach i stát Ceanada ach a bhfuil gníomhaithe pobail dúchasacha ag rá faoi nach bhfuil ina chuid cainte ach cur i gcéill nuair atá stát Ceanada ag satail ar chuid ceart na muintire dúchasaí ar mhaithe le tairbhe a bhaint as a gcuid tailte agus a gcuid acmhainní nádúrtha, dála ola agus gáis, a chur ar fáil do chomhlachtaí móra.

Pillimis ar Éirinn. Cuir i gcás taoiseach na tíre Leo Varadkar, nó de Varad mar is fearr leis féin agus é i measc na nGael, go díreach mar shampla amháin. I dtaca leis an chéad tréith de, (i). Tá Leo, dála Joe McHugh, ar thuras teanga anois le tamall. Go dearfa, tá achan chosúlacht air go bhfuil sé dáiríre fá mhéid áirid Gaeilge a fhoghlaim. Tá dáimh aige leis an teanga. Mar a dúirt an Taoiseach féin agus é i láthair ag *Pop-up Gaeltacht* i mBaile Átha Cliath, “Gaeilge agus *selfies*. *It was fun!*”

Is mór an cuidiú do Leo agus Joe a dturas teanga. Nuair a cheistítear iad fá ghéarchéim na Gaeltachta athraítear ábhar an chomhrá agus díritear ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu i bhfoghlaim na teanga, a ndíograis agus a ndáimh phearsanta leis an tseoid ársa seo, srl. Gnáthmhuintir na tíre a bhfuil fadhbanna eile acu nach bhfuil saite i saol na Gaeilge, níl barúil acu caidé atá ag dul ar aghaidh ach go bhfuil an chuma ar na polaiteoirí seo go bhfuil Gaeilge acu agus dá thairbhe sin go bhfuil siad báúil léi. Cleas maith é seo má tá tú ag iarraidh na scórtha milliún euro a shábháil agus an tÚdarás agus Roinn na Gaeltachta a fhágáil ar phingeacha suaracha le taobh



“Déanta na fírinne, is cuma dáiríribh má tá dhá fhocal Gaeilge ag Leo Varadkar nó dhá mhíle. Is é a níonn an dochar go dtig le Leo agus lena mhacasamhail tairbhe phearsanta agus tairbhe pholaitiúil a bhaint as siombalachas seo na Gaeilge ach go fóill a bheith ag leanstan le córas agus le polasaithe a dhéanann leatrom agus éagóir ar Ghaeil agus go háirid ar an Ghaeltacht.”



mar a bhí siad roimh 2008.

Déanta na fírinne, is cuma dáiríribh má tá dhá fhocal Gaeilge ag Leo Varadkar nó dhá mhíle. Is é a níonn an dochar go dtig le Leo agus lena mhacasamhail tairbhe phearsanta agus tairbhe pholaitiúil a bhaint as siombalachas seo na Gaeilge ach go fóill a bheith ag leanstan le córas agus le polasaithe a dhéanann leatrom agus éagóir ar Ghaeil agus go háirid ar an Ghaeltacht.

An bhfuil sé ag baint "leas féinchúiseach easurramach" as an teanga dhúchais? Is maith atá 'fhios aige go ngnóthóidh sé níos mó vótaí agus níos mó tacaíochta má tchítear don mhór-phobal, agus go háirid don mheánaicme, gur Éireannach amach is amach atá ann. Dálta an stáit féin, siombail shásta atá sa teanga a mbaintear leas aisti ar mhaithe le cumhacht pholaitiúil. Is cuma fá na pobail a labhraíonn í, fá na hacmhainní atá ar fáil ag ceantirí Ghaeltachta, ag Gaelscoileanna agus ag gnáthghaeil fríd an tír, a fhad is gur féidir an leas polaitiúil seo a bhaint aisti. Má chailltear an Ghaeilge ar fad mar theanga phobail agus mar ghnáth-theanga labhartha, Dia idir sinn agus an t-olc, bíodh geall go mbeidh polaiteoirí agus lucht cumhachta go fóill ag baint leasa aisti mar shiombail a bheir caipiteal cultúrtha daofa.

Nuair a labhraíonn polaiteoirí, dálta Leo, na "cúpla focal" measctha fríd an Bhéarla leis an tsiombalachas seo a chur in iúl agus nuair a dhéanann siad ansin cinntí polaitiúla a bhuaileann buille go heasna ar phobail labhartha na Gaeilge, bhail ní thig liom smaoinemh ar mhórán atá níos dímhéasúla agus níos easurramáí ná sin. Ag

"Tá muid i bhfad rófhoghdeach agus rófhulangach leis na polaiteoirí s'againne atá sásta an siombalachas agus na buntáistí cultúrtha a bhaineann leis an Ghaeilge a thabhairt chucu féin agus san am chéanna a bheith rannpháirteach i marú agus díothú na bpobal Ghaeltachta...."

croílár na ceiste seo, tá an pháirt shuntasach atá ag cinntí rialtas na hÉireann i lagú agus creimeadh na Ghaeltachta. San áireamh anseo tá an mhoilleadóireacht, an cur i gcéill agus an neamhiontas. Tchí muid, mar shampla, an dóigh a bhfuil an rialtas ag séanadh maoiniú ceart ar na pleannanna teanga atá riachtanach má tá slánú ar bith i ndán do na croíphobail Ghaeltachta. Chonaic muid fosta, mar shampla, gur cheap Leo Varadkar polaiteoir eile gan Ghaeilge mar aire Ghaeltachta. Már a dúirt an sochtheangeolaí aitheanta Conchúir Ó Giollagáin tráth, "Is ionann stát na hÉireann agus an *namhaid* is mó atá ag an nGaeilge".

I dtaca leis an dara tréith den leithghabháil chultúrtha de, (ii). An ag leithghabháil gnéithe de chultúr "a shamhlaítear a bheith fé chois" atá Leo agus baill eile den aos polaitiúil? Pobal faoi chois atá i lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht. Mionlach atá báite ag móramh Béarla na tíre seo. Tá, cinnte, cosaintí áirithe stáit ag an Ghaeltacht agus an Ghaeilge ach níos lú ná a bhíodh. Chonaic muid san anailís a rinne tuairisc.ie ar chuid figiúirí *Pobal* go bhfuil na ceantair is láidre Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall agus na Gaillimhe faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch. Anuas air seo,

taobh istigh den Ghaeltacht, is cosúil gurb iad na ceantair laga Ghaeltachta, .i. na ceantair is mó Béarla, na ceantair is láidre i dtaca le rachmas eacnamaíoch de. Go fiú sa bhliain 2018 tá bunadh na Ghaeltachta go fóill faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch.

Chonaic muid le gairid, chomh maith, an tuitim thubaisteach atá tagtha i líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht le beagán blianta. Tá an Ghaeltacht thraidisiúnta ar ndóiche faoi bhrú uafásach. Tá an córas reatha eacnamaíochta agus an córas polaitiúil araon ag déanamh dochair as cuimse do phobal dúchais na Gaeilge. Pobail i gcontúirt mhór a gcaillte, ar an drochuair, atá i bpobail thraidisiúnta na Ghaeltachta. Iad fágtha ar an trá fholamh ag rialtas atá ar nós cuma liom fúthu ach atá tugtha ar fad do chur chuige nua-liobrálach i ngnáthí teanga, eacnamaíochta agus sóisialta.

San am céanna is ar lucht na "cúpla focal", ar shiombalachas náisiúnach na Gaeilge agus ar "Bliain na Gaeilge" atá an t-aos polaitiúil dírithe. Faoi thionchar idé-eolaíocht an nua-liobrálachais, tá neamh-iontas á dhéanamh de chainteoirí dúchais na Ghaeltachta ar mhaithe le mórúid foghlaimeoirí i mbailte móra agus cathracha na tíre. Foghlaimeoirí, go minic, a bhaineann le haicme atá níos fearr as ná cainteoirí dúchais na Ghaeltachta. Cuireann idé-eolaíocht an nua-liobrálachais béim ar an ghníomh aonair, ar an fhoghlaimeoir a chaitheann am agus airgead leis an teanga

a shealbhú d'ainneoin na timpeallachta Béarla atá fá dtaobh de. I gcur chuige seo an nua-liobrálachais is cuma fá leas an phobail, is leor na gníomhartha aonarach seo a chaithfeas a gceart a sheasamh sa mhargadh "saor".

I bhfianaise na heaspa gnímh, na ndroch-chinntí, an neamhiontais agus na moilleadóireachta, is léir nach fiú tráithnín an Ghaeltacht don aos polaitiúil. Ní féidir linn a bheith ag súil lena mhalairt faoin tráth seo. Tá muid i bhfad rófhoghdeach agus rófhulangach leis na polaiteoirí s'againne atá sásta an siombalachas agus na buntáistí cultúrtha a bhaineann leis an Ghaeilge a thabhairt chucu féin agus san am chéanna a bheith rannpháirteach i marú agus díothú na bpobal Ghaeltachta de dhíobháil acmhainní, daonlathais agus cuidithe.

Is as Muineachán ó dhúchas Seanán Mac Aoidh. Chaith sé seal i mbun staidéir, oibre agus gníomhachais i nGaillimh ach tá sé anois ina chónaí i mBéal Feirste, áit a bhfuil sé ag gabháil do thaighde dochtúireachta fán traidisiún scéalaíochta, ag teagasc, ag foghlaim, ag spraoi agus i mbun gníomhachais, Misneach agus eile, i gcónaí.



Éirigh as an Leaba a Chroí

• Dáire Ní Chanáin

Seo dán scríofa agam féin chuig an bhean a bhí ionam leath bhliain ó shin agus mé thíos go mór leis an dulagar. Seo iad na rudaí a deirinn liom féin dá bhéinn in ann dul ar ais agus giota comhairle a thabhairt dom féin.

Éirigh as do leaba a chroí

Éirigh, agus faigh greim beag le hith

Tá a fhios agam go bhfuil tú tuirseach agus nach bhfuil tú
ag iarraidh bheith ar an saol níos mó

Ach éirigh as do leaba a chroí, fiú ar feadh uair nó dhó

Gabh agus buail le do chairde a stór

Tá a fhios agat nach bhfeiceann tú iad minic go leor

Ní gá fiú a rá leo nach bhfuil tú ag mothú thar barr

Ach má bhuaileann tú le do chairde a stór, gealaim duit go
mbeidh tú ag mothú níos fearr

Bí deas suit féin inniu a thaisce

Scuab d'fhiacra 'is déan do chuid gruaige a ní

Níl tú ramhar ná gránna agus níl tú ró-bheag

Okay b'fheidir go bhfuil tú giota beag ró-bheag

Ach in áiteanna beaga, nach tusa a bhíonns snug?

Ná bí buartha mar gheall ar an bhuachaill a ghrá

Mar ní thuigeann sé an dóigh gur chóir caitheamh la mná

Tuigim gur dósan a thug tú do chroí

Ach mar a deir siad i mBéarla, "It just wasn't meant to be"

Ná bíodh eagla ort labhairt le comhairleoir a chara

Chífidh tú go bhfuil cúis taobh thiar de gach rud a tharla

Agus seo é an rud is tábhachtaí anois a Dháire

Tá do shaol réidh le toiseacht

Dá n-osclódh do shúile

Agus dá dtabharfadh faoi deara

Is mac léinn de chuid Ollscoil na hÉireann Gaillimh í Dáire Ní Chanáin. Tá sí ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge agus Léann an Aistriúcháin. Tá sí i láthair na huairé ag cur fuithi i mBéal Feirste ar bhliain taithí oibre.

Tá MISNEACH den
tuairim gur chóir
cás na Gaeltachta
a chur chun cinn
go láidir le linn
'Bliain na Gaeilge'

Tá muid ag éileamh
ar lucht eagraithe na
bliana go ndéanfar:

1

Tús áite a
thabhairt do
Mhuintir na
Gaeltachta
ar an mórshiúil
'Beo' ar 2 3 Márta

2

Spiorad
agóidíochta na
bliana 2014 a chur
i réi 3 arís

3

An clár i gcoitinne
a dhíriú ar an
Gaeltacht

MISNEACH
ár dteanga, ár dtodhchaí

Fathach Mhionlaigh

Agallamh le duine de na lachain is óige i Mionloch, Padhraic Ó Fathaigh

• Ben Ó Ceallaigh

Cé nach dtuigtear é i gcónaí, spreag baile fearainn beag Gaeltachta ainm na hirise seo – i bpáirt ar a laghad. Is baile é Mionloch atá i bhfoisceacht scread asail de bhaile mór na Gaillimhe, suití ar bhrúach thoir na Coiribe tuairim 's trí mhíle ón mbaile. 'Sí an chuid is láidre dá bhfuil fágtha againn de Ghaeltacht an Eachréidh. Cé go mbíodh Gaeilge lár Chonnacht fós le cloisteáil ar fud thuaisceart na Gaillimhe, dheisceart Mhaigh Eo agus iarthar Ros Comáin ag am bunuithe an stáit, chúlaigh sí siar go dtí an póca beag seo agus corr-áit eile le trí nó ceithre scór bliain anuas. 'Siad "na lachain" atá á dtabhairt mar leasainm ar mhuintir Mhionlaigh leis na bliantaí marbha, agus, de bharr go bhfuil an Ghaeilge anois "díbhéo" i Mionloch (an oiread le 75% den Ghaeltacht), tá Padhraic Ó Fathaigh i measc na lachain is óige atá fós ag labhairt teanga dhúchais na háite go laethúil.

Beidh aithne ag go leor de léitheoirí Mhionlach ar Phadhraic cheana. Is garr-aíodóir é a bhfuil 58 bliain baintí amach aige. Tá spéis mhór aige sa bhfealsúnacht, sa nádúr agus in oidhreacht na tíre agus bíonn sé i láthair ag ócáidí de chuid Mhisneach go minic, maraon le go leor imeachtaí eile de chuid na nGael fud fad na tíre. Le breis is deich mbliana tá lóistearí á gcoinneáil aige ina theach – an "*Madrasa Gaelach*" mar a thug duine air babhta. Is iomaí ball de Mhisneach a chaith seal maith ann ag foghlaim *Gaeilge* (mar a thugtar uirthi sa gcanúint áitiúil) bhinn an cheantair, an scríbhneoir seo san áireamh.

Tá bás Gaeltachta feicthí ag Padhraic lena linn fhéin, nach mór. Tá iompú teanga mílteach tarlaí i Mionloch le leathchéad bliain anuas: "Nuair a bhí mise óg is Gaeilge ar fad a bhí againn, ag na comharsain, sa scoil. Bhí Gaeilge ag an gcuid is mó de na daoine, cé go bhfuil sé deacair é sin a shamhlú anois. Sa lá atá inniu ann is beag duine anseo atá níos óige ná mé a labhrann i go rialta agus atá ar a chompord léithe. Airím gur Oisín i ndiaidh na Féinne anseo anois mé".

Ach in ainneoin seo, coinníonn sé air ag cur fáilte mhór chroíúil roimh fhoghlaimeoirí díograiseacha atá ag iarraidh fanacht leis ina "teach raic" chun cur lena líofacht: "coinníonn sé Gaeilge san áit, meireach sibhse ní bheinn fhéin chomh maith seo.



Padhraic agus Ben sa veain ar a mbealach le dhul ag garraíodóireacht

"Is fearr i gcónaí seasamh i bhfábhar rud eicintí ná a bheith in aghaidh rudaí. Mar a abraíonn siad sa bhfealsúnacht, ní féidir liom ach mo mheon a athrú, ach athraíonn sé sin chuile rud".

Shíl mé sular thosaigh na lachain úra ag teacht anseo 'bhuel tá Gaeilge agam, níl aon chall agam í a labhairt'. Ach caillfidh tú í, feicim le mo mhuintir fhéin é – bhí cúig dhuine déag againn sa teach, agus ní labhrann éinne ach mé fhéin i go rialta anois. Tá sí cailltí ag go leor acu go deimhin".

Mar a pléadh san iris seo cheana, faoi *Acht na Gaeltacht 2012* caithfidh chuile phobal sa nGaeltacht oifigiúil plean teanga a scríobh chun a stádas Gaeltachta a choinneáil. Mar chuid dá iarrachtaí leis an teanga a chothú i Mionloch tá Padhraic ina chathaoirleach ar choiste pleanála teanga oirthear na Gaillimhe, "*An Bruach Thoir*".

"Is deis í le rud eicintí a dhéanamh ar son na teanga san áit seo. Tá an oiread sin cailltí againn, fiú le bliantaí beaga anuas. B'fhéidir go bhfuil muid ródheireanach, ach tugann sé seo deis dhúinn an méid atá fágtha againn a chothú".

Ach ar ndú táthar ann a d'abródh gur cur amú ama agus acmhainní é a bheith ag scríobh plean teanga in áit nach bhfuil Gaeilge ach ag fíorbheagán de na daoine atá faoi bhun leathchéad bliain. Céard a cheapann Padhraic den argóint sin?

"Bhuel tá sé sin ann, ach ní bhfuair muide aon tacaíocht a riamh ó leithéid an Údaráis. Rinne an stát neamhaird ar an nGaeltacht

anseo le ndáil le bheith céad bliain – siod an chéad uair a tugadh aon tacaíocht dhúinn leis an teanga a chur chun cinn anseo".


Leis an oiread sin Béarlóirí ina gcónaí sa gceantar anois an bhfuil an obair pleanála teanga conspóideach ar bhealach ar bith? "Tá daoine ann atá go láidir in aghaidh chur i bhfeidhm an pholasaí nú Gaeltachta sa scoil, atá anois ag teagasc trí Bhéarla leath den am. Tá muid ag déanamh iarrachta len iad a mhealladh. Caithfidh tú daoine a choinneáil leat agus a bheith dearfach".

Ainneoin na ndeacrachtaí seo ar fad, creideann sé go láidir gur féidir linn tacú leis an teanga thríd iarrachtaí laethúla ar bhonn pearsanta:

"Tá muid ar fad plúchtaí ag an mBéarla agus dá bhrí sin tá dualgas orainn ár gcuid a dhéanamh – RnaG a chur air in áit Raidió Bhéarla, srl. Muna n-úsáideann tú teanga go laethúil ní hamháin go gcaillfidh tú í, ach níl daoine eile á cloisteáil uait ach oiread agus tá sí á h-imeallú dá bharr. Bíonn go leor daoine a tógadh le Gaeilge ag caint leofa fhéin agus ag smaointiú i mBéarla – mé fhéin ina measc. Ach tá mé ag déanamh mo dhíchill é sin a athrú. Ní úsáidim an leagan "Béarla" go m'ainm, mar ní Béarla é, fiú! Cén fáth go bhfaighfeadh focla gan chiall ómós? Abraím "dia dhuit" le chuile dhuine beo anois, tá sé ar bharr mo ghoib agam. Tá cosc ar "hello" agus "thanks" i m'intinn!"

Tá cáil ar Phadhraic i measc a chuid cairde de bharr na spéise móire a chuireann sé sa bhfealsúnacht. An bhfuil aon mholtaí aige dhúinn mar Ghaeil atá ag iarraidh troid chun todhchaí na teanga a chinntiú agus an Ghaeltacht a chaomhnú? "Is fearr i gcónaí seasamh i bhfábhar rud eicintí ná a bheith in aghaidh rudaí. Mar a abraíonn siad sa bhfealsúnacht, ní féidir liom ach mo mheon a athrú, ach athraíonn sé sin chuile rud".

Focla críonna gan dabht a bhearfaidh ábhar machnaimh dhúinn ar fad.



Glac Ballraíocht bhliantúil linn inniu!

Ainm:

Seoladh:

Fón: Ríomhphost:

€5 gan phá/€10 ar phá
Seol airgead tirim nó seic, mar aon leis an bhfoirm seo, chuig
33 Céide na Grianóige, BÁC 24, Éire,
nó déan lóisteáil chuig:
Ainm an chuntais: MISNEACH
Cód sórtála: 90-14-90
Uimhir an chuntais: 48095491



Sonraí Teagmhála MISNEACH:

Náisiúnta: Facebook • eolas@misneachabu.ie

www.misneachabu.ie (le seoladh gan mhoill)

Gaillimh: facebook, misneachnagaillimhe@gmail.com

Béal Feirste: facebook

Baile Átha Cliath: misneachbac@gmail.com

Misneach Dhoire, Chorcaí, Luimnigh, Idaho, Nua-Eabhrac agus
Misneachd na hAlban le fáil ar facebook

